

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2007

An Bord Athbreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)

ÁBHAR

1	Réamhrá an Chathaoirligh	1
2	Brollach – Bunú an Bhoird	4
3	Baill an Bhoird agus an Rúnaíocht	5
4	Cumhachtaí an Bhoird	6
5	Scéim um Chúnamh Dí	7
6	Nós Imeachta an Bhoird	7
7	Athbhreithnithe ag an mBord	8
8	Cruinnithe ar a ndearna an Bord freastal	9
9	Suíomh Idirlín	9

AGUISÍNÍ

1	Alt 12 den Acht um an Dí Coiriúil (Gealtacht)	(i)
2	Téarmaí agus Coinníollacha de bhun Scéim um Chúnamh Dí Meabhair-Shláinte (an Dí Coiriúil) 2006	(vi)
3	Nós imeachta an Bhord Athbhreithnithe um Meabhair-Shláinte (an Dí Coiriúil)	(xv)
4	Staidreamh	(xix)

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe um Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) ar an 27^ú Meán Fómhair 2006, faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 (an tAcht) agus reáchtáil sé a chéad athbhreithniú ar choinneáil othair sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar an 14^ú Nollaig, 2006. Rinneadh 133 athbhreithniú eile in 2007.

Is é is príomhfheidhm ag an mBord faoin Acht ná athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad sainithe. I láthair na huaire is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad atá sainithe ar an gcuma sin. Agus é á dhéanamh, tá ar an mBord ceann a thógáil, inter alia, de leas agus de shábháilteacht an duine ar a bhfuil a choinneáil á athbhreithniú agus de leas an phobail. Agus athbhreithniú déanta aige ar choinneáil othair, tá ar an mBord cibé ordú is dóigh leis a bheith cuí a dhéanamh cibé acu an a thuilleadh coinneála, cúram nó cóiríocht in ionad sainithe nó a scaoilte amach gan choinníoll nó faoi choinníollacha maidir le cóiriú mar othar seachtrach nó faoi mhaoirseacht nó an dá rud é sin.

Ar a shon sin, tá imní ar an mBord faoi méid a chumhachtaí faoi Alt 13 den Acht i leith othar a fhéadfadh a bheith oiriúnach dá scaoilte amach ar choinníollacha. Maidir leis seo, d'iarr an Bord comhairle dlí agus, ar bhonn na comhairle a fuair sé, tá an chuma ar an scéal faoin Acht mar atá, gurb ann d'aontas idir coinneáil agus scaoileadh amach (cibé acu neamhchoinníollach nó coinníollach é). Cé go bhforálann an tAcht go bhfuil an cumhacht ag an mBord ordú a dhéanamh le duine a scaoileadh amach “faoi réir ag coinníollacha do chóiríocht mar othar seachtrach nó faoi mhaoirseacht, nó an dá rud”, ní thugann sé aon fheidhm don mBord, go sainráite ach go háirithe, le monatóireacht (nó leasú) a dhéanamh ar ghéilliúntas d'aon choinníollacha den chineál ansin, ná aon chumhacht le haisghairm a dhéanamh ar othar nach ngéilleann dóibh. Níl sé soiléir ón Acht ach chomh beag cad iad na hiarmairtí atá i gceist a bheith ann má theipeann ar othar a scaoileadh amach géilleadh do na coinníollacha a bhaineann lena scaoilte.

Bhí cionta an-tromchúiseacha, dúnbhású san áireamh, déanta ag na hothair a ndearna an Bord athbhreithniú orthu go dtí seo agus, cé go bhfuil siad trí na chéile ar chéim athshlánúcháin dá dtinneas, tá siad ag brath go hiomlán ar mhíochaine le hathiompú ar a dtinneas mheabhrach a thug orthu an cion innéacs a sheachaint. Toisc go bhfuil ar an mBord ceann a thógáil de leas agus de shábháilteacht an duine ar a bhfuil a choinneáil á athbhreithniú agus de leas an phobail, ní chreideann an Bord gur féidir leis leas ná sábháilteacht an othair ná leas an phobail a chosaint gan a bheith sa riocht go dtig leis coinníollacha a meastar dó a bheith stuama a leagan síos agus a fhorfheidhmiú – ag áireamh géilliúntas do mhíochaine – maidir le scaoileadh amach othair.

Tá a imní faoi seo curtha in iúl don Aire agus fáiltíonn an Bord roimh a thiomantas leis an Acht a leasú le déileáil leis na hábhair seo imní.

Tá ceist ar an mBord chomh maith go bhfuil an chuma ar an Acht go dtreorannaíonn sé a gcumhachtaí do choinníollacha a fhorchur maidir le “cóireáil mar othar seachtrach nó maoirseacht nó an dá rud.” Léiríonn taithí an Bhoird ina chéad bhliain go mbeadh sé inmhianaithe, i mórán cásanna, é a bheith ar a gcumas raon níos leithne coinníollacha in oiriúint do chúinsí na n-othar indibhidiúla a fhorchur. Bhí fadhbanna suntasacha andúile ag mórán othar, mar shampla, agus i gcásanna mar sin meastar don mBord go mb’fhéidir gur ghá staonadh ó alcól nó tástáil fuail go tráthrialta a leagan síos. Tá an Bord ag súil leis go leathnóidh reachtaíocht amach anseo a gcumhachtaí maidir leis sin.

Tá imní ar an mBord chomh maith maidir le hothair a scaoiltear amach go sealadach le toiliú an Aire, ag an Stiúrthóir Cliniciúil faoi Alt 14 den Acht le cónaí sna hóstalláin ardtacaíochta nua-oscailte. Cé gur féidir leis an mBord leanúint d’athbhreithniú coinneála othar nach gcaitheann ach beagán oíche in aghaidh na seachtaine ina leithéid de bhrú agus a chaitheann an chuid eile den tseachtain sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, tá imní ar an mBord maidir leis na hothair sin a fhéadfadh a bheith ina gcónaí iontu amach anseo ar bhonn buan, bíodh is go bhféadfaí othar a bhrisfeadh coinníoll a mheas

mar dhuine a bhí saor go neamhdleathach faoi alt 14 (5) den Acht nó d'fhéadfadh an Stiúrthóir Cliniciúil coinníoll a bheith cuimsithe aige d'aisghairm faoi chúinsí áirithe sna coinníollacha a bhaineann lena scaoilte sealadaí.

Meastar don mBord, bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuarthas, go bhfuil móramhras ann faoi stádas othar ar a bhfuil buanchónaí ina leithéidí d'óstalláin de bhun orduithe ar scaoileadh sealadach. B'fhéidir nach measfaí a scaoilte a bheith sealadach, agus dá bhrí sin, ní bhainfeadh alt 14 den Acht ná aon choinníollacha a fhorchuirfí faoin alt sin le hábhar, nó b'fhéidir go measfaí a leithéidí sin othar a bheith scaoilte go neamhchoinníollach. Caitheann an éiginnteacht seo amhras nach beag ar chumhachtaí an Bhoird le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna dá leithéid sin, cé gur soiléir go raibh d'intinn leis an Acht go mbeadh ceart ag a leithéidí d'othair ar athbreithniú faoin Acht mar chosaint tábhachtach ar a gcearta daonna. Is cás leis an mBord a dhícheall a dhéanamh ag teacht lena chumhachtaí faoin Acht le seasamh le cearta daonna a leithéidí d'othar agus chuirfeadh sé fáilte roimh thacaíocht an Aire ina thaobh seo, trí reachtaíocht leasaithe más gá.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil le foireann an Bhoird agus leis an Ollamh Harry Kennedy agus a chomhghleacaithe agus leis an bhfoireann altrachta agus riaracháin sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus táim ag dréim le leanúint d'obair an Bhoird sa todhcháí.

An Breitheamh Onórach Brian McCracken

Aibreán, 2008

RÉAMHRÁ

BUNÚ AN BHOIRD

Bhunaigh an tan tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Athbhreithnithe Mheabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 ar an 27^ú Meán Fómhair, 2006 .

Tá neamhspleáchas reachtúil ag an mBord faoin Acht. Is é a ról ná athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar (an t-aon ionad atá sainithe faoin Acht faoi láthair) a cuireadh ann de bhun cinnidh ag na cúirteanna go bhfuil siad mí-oiriúnach le triail a sheasamh nó a measadh a bheith neamhchiontach de bharr gealtachta. Tá sé freagrach chomh maith as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, príosúnach, ag áireamh príosúnach míleata, atá ag fulaingt mí-oird mheabhrach a aistríodh ann ó phríosún agus pearsanra míleata a cuireadh ann ag binsí ag feidhmiú faoi na hAchtanna ábhartha Cosanta.

Agus é ag gabháil dá fheidhmeanna faoin Acht, tá ar an mBord ceann a thógáil, inter alia, de leas agus shábháilteacht an duine ar a bhfuil a choinneáil á athbhreithniú agus de leas an phobail.

BAILL AN BHOIRD

Is é an Breitheamh Onórach Brian McCracken, Breitheamh Príomh-Chúirte atá ar scor, cathaoirleach an Bhoird. Is iad na baill eile ná: an Dr. Michael Mulcahy, Siciatraí Comhairleach agus an tUasal Tim Dalton, iar-Ard-Rúnaí sa Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dí.

RÚNAÍOCHT

An tUas. Pat Wylie - Príomhoifigeach / Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
An tUas. Paul Laycock - Oifigeach Feidhmiúcháin
Ms. Ann Casey - Oifigeach Cléireachais

CUMHACHTAÍ AN BHOIRD

Éilíonn Alt 12 (1) den Acht ar an mBord:-

“(a) suíonna a reáchtáil chun críche athbhreithnithe a dhéanamh faoin Acht seo agus ag na suíonna tig leis glacadh le haighneachtaí agus le cibé fianaise agus is dóigh leis a bheith cúí;

(b) ceann a thógáil de thaifead cúirte (más ann dó) ar imeachtaí sa chúirt gur lena cinneadh a bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú agus, nuair is ann dó thaifead den chineál sin, go gcuirfeadh an chúirt ar fáil don mBord é;

(c) Ionadái dlí a shannadh d’othar faoi athbhreithniú mura bhfuil sé i gceist aige nó aici ceann a fhostú.

Tá mionsonraí ar chumhachtaí an Bhoird mar a sholáthraítear a thuilleadh ag Alt 12 den Acht leagtha amach in Aguisín 1.

SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-GALAR (AN DLÍ COIRIÚIL)

Le comhthoilíú an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais, tá scéim um chúnamh dlí d'othair curtha ann ag an mBord. Aithnítear an Scéim mar an Scéim Mheabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 agus tá cóip de théarmaí agus choinníollacha na Scéime ar fáil in Aguisín 2. I láthair na huaire tá 25 aturnaí rollaithe ar an bpainéal dlí a oibríonn faoin Scéim.

NÓS IMEACHTA AN BHOIRD

Forálann Alt 12 (6) den Acht go mbeidh nós imeachta an Bhoird maidir le hathbhreithniú a dhéanfaidh sé faoin Acht, faoi réir ag forálacha an Achte, mar a chinnfidh an Bord le comhthoilíú an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá cóip de Nós Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) mar atá faofa ag an Aire in Aguisín 3 na tuarascála seo.

ATHBHREITHNITHE AG AN MBORD

Rinneadh an chéad athbhreithniú ar choinneáil othair sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar an 14ú Nollaig, 2006. Rinneadh 133 athbhreithniú in 2007. Tá tábla le briseadh síos ar na héisteachtaí atá déanta go dtí seo in Aguisín 4.

Déantar athbhreithnithe de ghnáth sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Is féidir go dtionscnófaí athbhreithnithe, lasmuigh de na cinn a ndéantar sceidealú rialta orthu, mar a leanas:-

- Ar ordú an Bhoird
- Ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Ar iarratas an othair
- Ar iarratas an Stiúrthóra Cliniciúil

Éilíonn Alt 13 (1) den Acht ar an mBord a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar choinneáil othair ar thréimhsí nach mó ná 6 mhí mar is dóigh leis a bheith cuí.

CRUINNITHE AR A NDEARNA AN BORD FREASTAL

I rith 2007 thug an Bord turas ar Chlinic Shannon i mBéal Feirste, an chéad aonad meánslán a sholáthraíonn seirbhísí sláinte d’othair gur gá dóibh dianchóireáil agus athshlánúchán i dtimpeallacht slán agus teiripeach. Thug an Bord turas chomh maith ar an Ospidéal Stáit i Carstairs in Albain, ceann de cheithre ospidéal ardslándála sa Ríocht Aontaithe. In Albain dóibh, chas an Bord ar Uachtarán an Bhinse um Meabhair-Shláinte d’Albain agus roinnt dá chomhghleacaithe.

I rith na bliana, bhí cruinnithe ag an mBord le hionadaithe ón gCoimisiún um Meabhair-Shláinte agus leis an Ollamh Harry Kennedy, Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus roinnt dá chomhghleacaithe. Chas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin chomh maith le hionadaithe Ghrúpa Cúramóirí an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

SUÍOMH IDIRLÍN

Tá suíomh gréasáin tiomnaithe ag an mBord - www.mhclrb.ie

AGUISÍN 1

Cumhachtaí an
Bhoird
Athbhreithnithe

12.- (1) Ní mór don mBord -

- “(a) suíonna a reáchtáil chun críche athbhreithnithe a dhéanamh faoin Acht seo agus ag na suíonna tig leis glacadh le haighneachtaí agus le cibé fianaise agus is dóigh leis a bheith cuí;
- (b) ceann a thógáil de thaifead cúirte (más ann dó) ar imeachtaí sa chúirt gur lena cinneadh a bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú agus, nuair is ann do thaifead den chineál sin, go gcuirfeadh an chúirt ar fáil don mBord é;
- (c) Ionadaí dlí a shannadh d’othar faoi athbhreithniú mura bhfuil sé i gceist aige nó aici ceann a fhostú.

(2) Tig leis an mBord Athbhreithnithe, chun críche a chuid feidhmeanna -

- (a) faoi réir ag fo-alt (10), treoir i scríbhinn a thabhairt don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othair atá ina dhamhna don athbhreithniú ábhartha, socrúithe a dhéanamh leis an othar a bheith i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe ar dháta agus ag am agus in áit a sonraítear sa treoir,
- /b) Treoir a thabhairt d’aon duine a dteastaíonn a f(h)ianaise ón mBord Athbhreithnithe, freastal os comhair an Bhoird Athbhreithnithe ar dháta agus ag am agus in áit a sonraítear sa treoir agus ansin fianaise a thabhairt nó soláthar a dhéanamh ar aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a sonraítear sa treoir,
- (c) treoir a thabhairt d’aon duine i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe soláthar a dhéanamh ar aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a sonraítear sa treoir,
- (c) treoir a thabhairt d’aon duine aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a sonraítear sa treoir, a chur chuig an mBord Athbhreithnithe, agus

- (e) aon treoracha eile is dóigh leis an mBord Athbhreithnithe a bheith cóir agus réasúnta chun críche na n-imeachtaí atá i gceist a thabhairt.

(3) Íocfaidh an Bord na costais réasúnta a bheidh ar fhinnéithe a threoraítear *faoi fho-alt (2) (b)* le freastal os comhair an Bhoird Athbhreithnithe as airgead a bheidh ar fáil ag an mBord.

(4) Beidh duine -

- (a) a fuair treoir faoi fho-alt (2) freastal os comhair an Bhoird Athbhreithnithe agus, i gcás duine a treoraíodh amhlaidh faoi *mhír (b)* den bhfo-alt sin, agus gur tairgíodh dó nó di aon tsuim i leith costais a láithreachta a mbeadh finné dá dtabharfaí treoir freastal dó nó di os comhair na hArd-Chúirte i dteideal a tairiscinte dó nó di, a dhiúltaíonn don treoir gan chúis ná leithscéal cóir,
- (b) ar a bheith i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe de bhun treorach faoi *mhír (b) d'fho-alt (2)*, a dhiúltaíonn an leabhar a thabhairt ar éileamh ón mBord Athbhreithnithe sin a dhéanamh nó a dhiúltaíonn freagra a thabhairt ar aon cheist ar a bhféadfadh an Bord Athbhreithnithe freagra a éileamh go dleathach nó soláthar a dhéanamh ar aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a éilíonn an Bord Athbhreithnithe go dleathach go soláthródh an duine,
- (c) a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn aon doiciméad nó rud a bhfuil gá ag an mBord Athbhreithnithe leis ón duine sin faoi *alt (d) de fo-alt (2)* a chur chuig an mBord Athbhreithnithe nó a dhiúltaíonn treoir faoi *alt (c), (d) nó (e)* den fho-alt sin gan chúis chóir nó leithscéal, nó
- (d) a dhéanann aon rud eile maidir leis na himeachtaí atá faoi bhráid an Bhoird Athbhreithnithe a bheadh, i gcás go ndéanfaí é maidir le himeachtaí os comhair cúirte ag finné sa chúirt, ina dhíspeagadh cúirte,

ciontach as cion, agus beidh an duine sin faoi dhliteanas fíneála nach mó ná €3,000 nó príosúnacht do théarma nach mó ná 12 mí nó an dá cheann acu ar a c(h)iontaithe go hachomair.

(5) Má thugann duine fianaise bhréagach os comhair Bhoird Athbhreithnithe faoina leithéid de chúinsí, dá mba rud é go raibh sé nó sí tar éis fianaise a thabhairt os comhair cúirte, bheadh sé nó sí ciontach as mionnú éithigh, beidh sé nó sí ciontach as an gcion sin.

(6) Beidh nós imeachta an Bhoird Athbhreithnithe maidir le hathbhreithniú a dhéanfaidh sé faoin Acht seo, faoi réir fhorálacha an Achta seo mar a chinnfidh an Bord Athbhreithnithe le comhthoilíú an Aire agus déanfaidh an Bord Athbhreithnithe, gan dochar do ghinearáltacht a bhfuil roimhe seo, foráil do -

(a) chun críche *fo-ailt (1) (c)*, scéim nó scéimeanna a cheapadh, le comhthoil an Aire agus an Aire Airgeadais, go bhféadfadh an Bord Athbhreithnithe cúnamh dlí a thabhairt d'othair,

(b) ag cur in iúl don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othair atá faoi réir an athbhreithnithe agus an t-othar agus a (h)ionadaí dlí maidir le dáta, am agus áit suí iomchuí an Bhoird Athbhreithnithe,

(c) cóip a thabhairt don othar is ábhar don athbhreithniú agus dá (h)ionadaí dlí d'aon doiciméad a tugadh don Bhord Athbhreithnithe chomh maith le tasc i scríbhinn ar nádúr agus foinse aon fhaisnéise a bhaineann leis an gceist atá tagtha chun solais le linn an athbhreithnithe,

(d) faoi réir *fo-ailt (10)*, ag cur ar chumas an othair is ábhar don athbhreithniú agus dá (h)ionadaí dlí a bheith i láthair go pearsanta nó trí ionadaí dlí ag suí iomchuí an Bhoird Athbhreithnithe agus ag cur ar chumas an othair is ábhar don athbhreithniú a c(h)ás féin a chur i láthair an Bhoird Athbhreithnithe go pearsanta nó trí ionadaí dlí,

(e) ag cur ar chumas an Aire, an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí agus, nuair is cuí, an Aire Cosanta a bheith le clos nó ionadaíocht a bheith acu ag suíonna an Bhoird Athbhreithnithe,

(f) ag ceadú ráitis scríofa a bheith inghlactha i bhfianaise ag an mBord Athbhreithnithe le cead an othair is ábhar don athbhreithniú nó le cead a (h)ionadaí dlí,

- (g) ag ceadú go nglacfaí le haon síniú a bhíonn ar dhoiciméad a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Athbhreithnithe, in éagmais fianaise dá mhalairt, mar shíniú an duine a airbheartaítear gur leis/léi an síniú,
- (h) ceistiú ag nó thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe agus an croscheistiú ag nó thar ceann an othair is ábhar don athbhreithniú atá i gceist faoi mhionn nó eile, mar a chinnfidh an Bord, pé finnéithe a ghlaonn an Bord Athbhreithnithe os a chomhair,
- (i) ceistiú ag nó thar ceann an othair is ábhar don athbhreithniú agus croscheistiú ag nó thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe (faoi mhionn nó eile de réir mar a chinnfidh an Bord Athbhreithnithe), pé finnéithe a ghlaonn an t-othar is damhna don athbhreithniú,
- (j) cinneadh an Bhoird Athbhreithnithe gur chóir nó nár chóir an fhianaise a thugtar ag an mBord Athbhreithnithe a thabhairt faoi mhionn,
- (k) finnéithe thagann os comhair an Bhoird Athbhreithnithe a chur faoi bhrí na mionn, agus
- (l) leorthaifead a dhéanamh ar imeachtaí an Bhoird Athbhreithnithe.

(7) Beidh finné ar raibh, a bhfuil nó a mbeidh a f(h)ianaise le tabhairt os comhair an Bhoird Athbhreithnithe in imeachtaí faoin Acht seo i dteideal na bpríbhleídí agus na n-imdhíonachtaí céanna le finné i gcúirt.

(8) Tionólfar suíonna an Bhoird Athbhreithnithe chun críche a fhiosraithe faoin Acht seo go príobháideach.

(9) Beidh siad seo a leanas go hiomlán faoi phríbhleíd:

- (a) doiciméid an Bhoird Athbhreithnithe agus doiciméid a chuid ball a bhaineann leis an mBord Athbhreithnithe nó a fheidhmeanna, pé áit a bhfoilsítear iad;
- (b) tuarascálacha an Bhoird Athbhreithnithe, pé áit a bhfoilsítear iad;

(c) ráitis a rinne a bhaill nó a hoifigh i bhfoirm ar bith ag cruinnithe nó suíonna an Bhoird Athbhreithnithe agus na ráitis sin pé áit ar foilsíodh ina dhiaidh sin iad.

(10) Ní bheidh ar othar a bheith i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe faoin alt seo más féidir go mbeadh a leithéid de fhreastal dochrach, i dtuairim an Bhoird Athbhreithnithe, dá s(h)láinte mheabhrach, dá f(h)olláine nó dá staid mhothúchánach.

AGUISÍN 2

Téarmaí agus Coinníollacha

De bhun

**Scéim um Chúnadh Dlí Meabhair-Shláinte
(An Dlí Coiriúil)**

2006

1 Réamhrá

- 1.1 Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ar an 27ú Meán Fómhair, 2006 de réir Alt 11(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 (a dtugtar “an tAcht” air ina dhiaidh seo). Tá an Bord Athbhreithnithe neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht agus tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad ainmnithe (sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi láthair) a cuireadh ann de bhun cinnidh ag na cúirteanna go bhfuil siad mí-oiriúnach le dul faoi thriail nó a measadh a bheith neamhchiontach de bharr gealtachta. Déanfaidh an Bord athbhreithniú chomh maith ar choineáil príosúnach, ag áireamh príosúnach míleata, atá ag fulaingt mí-oird mheabhrach a aistríodh ann ó phríosún agus pearsanra míleata a cuireadh go hionad sannaithe ag binsí ag feidhmiú faoi na hAchtanna ábhartha Cosanta. Éilíonn Alt 12 (1) (c) den Acht go sannfadh an Bord ionadaí dlí d’othar atá faoi athbhreithniú mura bhfuil sé i gceist aige nó aici ceann a fhostú ar a c(h)ostas féin.
- 1.2 Éilíonn Alt 12 (6) (a) den Acht go gcruthódh an Bord, le comhthoil an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais, scéim nó scéimeanna chun cúnamh dlí a thabhairt d’othair.
- 1.3 Is é a thugtar ar an socrú mar a soláthraíonn an Bord seirbhísí dlíthiúla ná an Scéim um Chúnamh Dlí (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte 2006 agus i mo dhiaidh anseo tugtar “an Scéim” air. Oibríonn an Scéim maidir le soláthar ionadaíochta os comhair an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil). Tugtar sonraí sa doiciméad ar na téarmaí agus na coinníollacha de bhun na Scéime.
- 1.4 Soláthróidh an Bord Athbhreithnithe seirbhísí dlíthiúla trí na hionadaithe dlíthiúla i gcleachtas príobháideach nó trí aturnaetha aonair laistigh de ghnólachtaí.
- 1.5 Sa Scéim seo glacfar le focal a chuimsíonn brí firinsneach mar fhocal a chuimsíonn brí bhaininsneach chomh maith.

2 Painéal d’Ionadaithe Dlí

- 2.1 Bunóidh agus coimeádfaidh an Bord Athbhreithnithe painéal d’ionadaithe dlí nó de ghnólachtaí dlí a shásaíonn na critéir a dtugtar imlíne orthu sna téarmaí agus sna coinníollacha seo agus a bheidh sásta seirbhísí dlí a sholáthar de réir fhorálacha An Achta um Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 agus na Scéime. Is é a thabharfar ar an bPainéal ná Painéal Ionadaithe Dlí (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte ar a dtabharfar “an Painéal” i mo dhiaidh anseo. Déanfaidh an Bord ionadaí dlí ón bPainéal a shannadh le feidhmiú thar ceann gach othair atá faoi athbhreithniú mura bhfuil sé i gceist aige ceann a fhostú ar a chostas féin gan aon úsáid a bhaint as an Scéim.

2.2 Coimeádfar an Painéal ar bhonn náisiúnta le hainmneacha na ngnólachtaí dlí / ionadaithe dlíthiúla, ag a bhfuil an taithí agus an t-eolas cuí, a bhfuil faomhadh déanta ar a n-iarratas le bheith ar an bPainéal.

3. Coinníollacha

3.1 Beidh ar aon ionadaí dlí ar mian leis a ainm a bheith ar an bPainéal:-

- teastas reatha cleachtais a bheith aige ó Oll-Chumann Dlí na hÉireann
- árachas slánaíochta gairmiúil a bheith aige le héileamh indibhidiúil suas le €2.2m a chlúdach; agus
- a bheith ina aturnaí cleachtach le taithí nach lú ná trí bliana mar aturnaí cleachtach a chríochnaíonn díreach roimh an iarratas.

Ní mór don ionadaí dlí a bheith ag cleachtadh ag tráth an iarratais a dhéanamh agus ag gach am le linn a thionachta. Caithfidh aon ghnólacht dlí ar mian leis a bheith rannpháirteach sa Scéim na sonraí thuas a sholáthar do gach ionadaí dlí a bhfuil sé i gceist aige seirbhísí dlí a sholáthar thar ceann an ghnólachta faoin Scéim.

3.2 Caithfidh gach gnólacht dlí / ionadaí dlí a shásaíonn coinníollacha na Scéime agus ar mian leis a ainm a bheith ar an bPainéal:

- iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord ar an fhoirm fhaofa iarratais atá ag gabháil leis an doiciméad seo ag Sceideal 2;
- gealltanais a thabhairt san fhoirm iarcheangailte leis seo, go gcomhlíonfaidh sé na téarmaí agus na coinníollacha seo agus forálacha an Achta agus é ag soláthar seirbhísí dlí.

I gcás gnólachta dlí, baineann na coinníollacha thuas le gach ionadaí dlí a sholáthródh seirbhísí dlí faoin Scéim thar ceann an ghnólachta.

3.3 Beifear ag súil leis go bhfeidhmeoidh na hionadaithe dlí i gcáil mhuiníneach maidir le gach othar agus go soláthródh siad seirbhís a thagann le cód cleachtais a ngairme, (m.sh. i gcás aturnaí Treoir um Iompar Gairmiúil mar a eisiúnn Oll-Chumann Dlí na hÉireann ó am go chéile) agus aon treoracha ar leith cleachtais a eisiúnn an Bord nó a gcomhlacht gairmiúil maidir le soláthar seirbhíse sa réimse dlí seo.

3.4 Ní mór d'ionadaithe dlí ar an bPainéal cloí leis na nósanna imeachta imréiteach cánach atá sonraithe i gCiorclán an Roinn Airgeadais 22/95 dár teideal "Nósanna Imeachta Imréiteach Cánach – Conarthaí na hEarnála Poiblí" nó aon chiorclán dá leithéid ag leasú nó in ionad an chiorcláin sin. Tá cóip den chiorclán seo le Sceideal 3.

3.5 Caithfidh ionadaithe dlí / gnólachtaí dlí a bhíonn ar an bPainéal rochtain a bheith acu ar áiseanna ríomhphoist agus bogearraí TF a bheith acu a réitíonn le Microsoft Office d'fhonn a chinntiú go riartar an Scéim go héifeachtach.

- 3.6 Déanfaidh an Bord athbhreithniú foirmeálta ar an bPainéal gach trí bliana nó de réir mar a cheapann an Bord gá a bheith leis. D'fhonn fanacht ar an bPainéal ní mór an Bord a sásamh go bhfuil na gnólachtaí dlí / ionadaithe dlí ag soláthar seirbhíse gairmiúil. Bainfidh ballraíocht ar dtús le tréimhse phromhaidh 12 mhí agus eiseofar dearbhú ina dhiaidh sin, ach an fheidhmíocht a bheith sásúil.
- 3.7 Tabharfar uimhir do gach ionadaí dlí a nglactar leis mar bhall den Phainéal agus tabharfar Uimhir Ionadaí Dlí uirthi seo agus caithfear í a lua i ngach comhfhreagras leis an mBord.
- 3.8 Ní thiocfaidh ann do ghaolmhaireacht an fhostóra agus an fhostaí, ná ní fhorléireofar a leithéid a bheith ann idir an Bord Athbhreithnithe agus aon ionadaí dlí a bheidh ar an bPainéal.

4 Aistarraingt Ionadaithe Dlí ón bPainéal

- 4.1 Caithfidh ionadaithe dlí ar mhian leo aistarraingt ón bPainéal a n-intinn maidir le haistarraingt a chur in iúl i scríbhinn don Bhord chun gur féidir an Painéal a leasú dá réir. Tá ar ionadaithe dlí fógra míosa ar a laghad a thabhairt ar a n-intinn aistarraingt ón bPainéal faoi réir a n-oibleagáidí a gcuid rannpháirtíochta i gcásanna reatha a chríochnú, nó mar rogha air sin, dul i mbun socraithe sásúil leis an mBord le stiúir a leithéid de chásanna a thabhairt ar láimh ar bhealach a bheidh go hiomlán chun sástachta an Bhoird. Is chuig ball eile den Phainéal a ainmnithe ag an mBord a thabharfaí a leithéid, má táthar le leanúint de chúnamh dlí a thabhairt.

5 Nádúr agus Fairsinge na Seirbhísí Dlí atá le Soláthar

- 5.1 Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i gceist go ginearálta leis na seirbhísí dlí a sholáthrófar:

- glacadh le treoracha ón othar ar ócáid amháin nó níos mó. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh deacreachtaí caidrimh ag othar mar gheall ar neamhord meabhrach. Beifear ag súil leis go dtógfaidh na hionadaithe dlíthiúla go leor ama lena chinntiú chomh fada agus is féidir leis é go mbeidh an t-othar go maith ar an eolas agus go bhfaigheann sé ionadaíocht cheart.
- aon taighde is gá a dhéanamh chomh maith le;
 - fíricí cáis a fháil amach agus fianaise chomhthacaíochta a fháil ar na fíricí seo ó na thairfid mhíochaine nó trí agallamh a chur ar fhinnéithe más gá;
 - mion-athbhreithniú ar na tuarascálacha míochaine le síciatraithe comhairleacha agus ar aon tuarascálacha eile le saineolaithe a chuirtear ar fáil maidir leis an gcás d'fhonn diagnóis mhíochaine reatha agus stair liachta an othair a aithint;
 - taighde a dhéanamh ar chásdlí iomchuí, más gá; agus
 - breithniú a dhéanamh ar aon cheist eile a bhaineann leis an gcás áirithe sin;
- ionadaíocht a dhéanamh ar an othar os comhair an Bhoird Athbhreithnithe; agus
- cinneadh an Bhoird Athbhreithnithe a chur in iúl agus a mhíniú don othar.

- 5.2 Toisc go mbeidh ag t-othar ag cur faoi in ionad sainithe (an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi láthair), beidh gá go ginearálta ag an ionadaí dlí cuairt a thabhairt air ansin d'fhonn teagasc a fháil.
- 5.3 Ag brath ar nádúr agus réim an neamhoird sláinte mheabhrach a fhéadfadh a bheith ar othar, b'fhéidir go mbeadh gá cuairt a thabhairt air ar níos mó ná ócáid amháin d'fhonn go mbeadh an t-ionadaí dlí réasúnta sásta go bhfuair sé treoracha cearta. Beifear ag súil leis go dtógfaidh na hionadaithe dlí go leor ama lena chinntiú chomh fada agus is féidir sin é go bhfuil an t-othar go maith ar an eolas agus go bhfuil leorionadaíocht aige.
- 5.4 Nuair is mian le hothar go soláthrófaí seirbhísí ionadaí dlí seachas an ceann a shann nó atá beartaithe ag an mBord a shannadh dó, is féidir leis iarraidh ar an mBord ionadaí ar leith dlí ón bPainéal a scannadh dó agus is féidir leis iarraidh ar an mBord an t-ionadaí dlí a sannadh dó cheana féin a fhágáil ar lár. Déanfaidh an Bord breithniú ar iarratas ar athrú ar ionadaí dlí.
- 5.5. Ach amháin mar a fhoráiltear go sonrach dá mhalairt sa Scéim seo, beidh an ghaolmhaireacht idir an ionadaí dlí agus an t-othar atá ag fáil ionadaíochta dlí faoin Scéim seo, agus na cearta agus na pribhéidí a éiríonn as a leithéid de ghaolmhaireacht, mar an gcéanna leis an ngaolmhaireacht idir na cearta agus na pribhléidí a éiríonn as gaolmhaireacht idir ionadaí dlí agus a chliant nach othar é atá ag fáil ionadaíochta dlí faoin Scéim seo.

6 Feidhmiú na Scéime

- 6.1 Déanfaidh an Bord ionadaí dlí ón bPainéal a sannadh le hionadaíocht a thabhairt do gach othar faoin Scéim os comhair an Bhoird Athbhreithnithe mura mbíonn sé i gceist aige ceann a fhostú ar a chostas féin gan aon úsáid a bhaint as an Scéim. Déanfar ionadaí dlí a shannadh go ginearálta ag úsáid córais róta. Déanfaidh an Bord iarracht, áfach, an t-ionadaí céanna dlí a shannadh d'othar ar ócáidí eile ina dhiaidh sin mura lorgaíonn sé ionadaí eile dlí nó mura mbíonn an t-ionadaí céanna dlí ar fáil. Déanfaidh an Bord teagmháil leis an ionadaí dlí ar an teileafón nó le r-phost lena chinntiú go bhfuil sé sa riocht gur féidir leis an cás a thógáil sula gcuirtear na páipéir ar aghaidh chuige. A luaithe agus a dheimhníonn an t-ionadaí dlí go nglacfaidh sé leis an gcás, déanfaidh an Bord an t-ionadaí dlí a shannadh don chás agus cuirfear na páipéir riachtanacha chuige le litir údaráis ag tabhairt imlíne ar shonraí an othair agus ar an ábhar údaraithe.
- 6.2 Is í an litir údaraithe a bheidh mar údarás ag an ionadaí dlí seirbhísí dlí a sholáthar thar ceann an Bhoird faoin Scéim.
- 6.3 Ní féidir seirbhísí dlí a sholáthar faoin Scéim gan litir údaráis a fháil roimh ré ón mBord.

7 Íocaíocht

- 7.1 A luaithe agus a bheidh cinneadh déanta ar chás, is féidir leis an ionadaí dlí iarratas a chur chuig an mBord ar íocaíocht táille ag úsáid na foirme éilimh a bhíonn faofa ag an mBord ó am go chéile. Ba chóir go nglacfaí cúram agus an fhoirm éilimh á líonadh toisc go gcuirfear foirmeacha éilimh neamhiomlána nó a líonadh go mícheart ar ais gan íocaíocht.
- 7.2 Measfar cinneadh a bheith déanta ar chás nuair a thugann an Bord Athbhreithnithe a chinneadh nó, sa chás nach dtagann cás faoi bhráid an Bhoird Athbhreithnithe, nuair a bhíonn an Bord Athbhreithnithe tar éis a dheimhniú nach rachfar ar aghaidh leis an gcás.
- 7.3 Ba chóir go gcuirfí an fhoirm éilimh comhlíonta, in éineacht leis an litir údaráis a sholáthair an Bord Athbhreithnithe don ionadaí dlí, ar ais chuig ardoifig an Bhoird, ag 1 A Sráid na Mórchanálach Íoctarach, Baile Átha Cliath 2, nuair atá soláthar déanta ar na seirbhísí atá sonraithe sa litir údaráis agus cinneadh déanta ar an gcás nó nach mbítear ag dul ar aghaidh leis.
- 7.4 Ní féidir aon táille a ghearradh ar othair a fhaigheann seirbhísí dlí faoin Scéim agus ní féidir aon chaiteachais, costais ná eisíocaíocht ag aon ionadaí dlí atá ar an bPainéal a lorg orthu maidir le cás a bhíonn os comhair an Bhoird Athbhreithnithe.

8 Táillí Iníoctha

- 8.1. Beidh táillí le hionadaithe dlí ar ionadaíocht dlí faoin Scéim seo iníoctha de réir mar a chinneann an Bord ó am go chéile le comthoil an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais.
- 8.2 Beidh scála caighdeánach ann do tháillí (leagtha amach i Sceideal 1 thíos) a bheidh iníoctha in aghaidh an cháis le hionadaithe dlí ar an bPainéal ar sheirbhísí a sholáthar i ngach cás ag an mBord Athbhreithnithe.
- 8.3 Sa chás nach dtéitear ar aghaidh leis an gcás, is féidir leis an mBord cuid den táille iomlán a íoc ag brath ar an obair a déanadh agus tá imlíne tugtha ar a leithéid de tháillí i Sceideal 1.
- 8.3 Níl costais taistil agus cothabhála le híoc le hionadaithe dlí i gcásanna a bhaineann leis an mBord Athbhreithnithe.
- 8.4 Ní bheidh an Bord freagrach ach as eisíocaíochtaí nó as seirbhísí gairmiúla a faomhadh. Is féidir leis an othar nó lena ionadaí dlí faomhadh a lorg le hiarratas i scríbhinn ar an bhfoirm faofa nach lú ná 5 lá oibre roimh an éisteacht. Sna cásanna ina ndéanann an Bord faomhadh ar cheapachán abhcóide, aontófar táille roimh ré ag brath ar chúinsí an cháis. Beidh a leithéid de tháillí faoi réir ag faomhadh an Aire Airgeadais.

9 Díchur den Phainéal

- 9.1 Is féidir leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ionadaí dlí a dhíchur den Phainéal má cheapann sé:-
- go bhfágann a iompraíocht agus é ag soláthar seirbhíse dlí nó a iompraíocht ghairmiúil go ginearálta go bhfuil sé mí-oiriúnach, i dtuairim an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, lena leithéid de sheirbhísí a sholáthar; nó
 - gur theip air na téarmaí agus na coinníollacha seo a chomhlíonadh; nó
 - nach raibh a rannpháirtíocht sa Scéim sásúil, chomh maith le, ach gan a bheith teoranta do, é a dhiúltú ar bhonn rialta glacadh le hothar mar chliant nó ionadaíocht chuí dlí a dhéanamh air.
- 9.2 Beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal ionadaí dlí a bhaint den Phainéal má bhíonn sé den tuairim nach bhfuil gá lena sheirbhísí níos mó do riaradh éifeachtach an Phainéil, fad is go soláthraítear fógra míosa ar a laghad i scríbhinn dó nuair a bhaintear ionadaí dlí den Phainéal faoin alt seo.
- 9.3 Má dhéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cinneadh feidhmiú maidir lena cheart ionadaí dlí a dhíchur den Phainéal, cuirfear sin in iúl i scríbhinn dó cad ba bhonn leis an gcinneadh. Is féidir leis iarratas a dhéanamh i scríbhinn, laistigh de mhí ó dháta a leithéid d'fhógra, chuig an mBord Athbhreithnithe ag ceistiú an chinnidh agus ag leagan na bhforas achomhairc amach ina n-iomláine. Déanfaidh an Bord Athbhreithnithe cinneadh ar an achomharc agus cuirfear an cinneadh sin in iúl dó. Ag brath ar na cúinsí ar leith a bhaineann leis, forchoimeádan an Bord Athbhreithnithe de cheart aige féin cásanna a shannadh dó cheana féin a bhaint de agus / nó gan aon chás eile a thairiscint dó fad atá an t-achomharc faoi bhreithniú.
- 9.4 Forchoimeádan an Bord Athbhreithnithe de cheart aige féin, nuair a thagann líomhain chun solais gur tharla mí-iompar gairmiúil, an t-ionadaí dlí a chur ar fionraí ón bPainéal. Ina leithéid de chás cuirfidh an Bord Athbhreithnithe an líomhain in iúl don chomhlacht nó do na comhlachtaí chuí atá freagrach as rialachán gairmiúil agus do na Gardaí má bhíonn cúiseanna réasúnach ann a cheapadh gur déanadh gníomh coiriúil.

10 Seirbhís Ardchaighdeáin

- 10.1 Tá an Bord Athbhreithnithe tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin dlí a sholáthar d'othair. Níor chóir go nglacfadh ionadaithe dlí le cás murar féidir leo seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar laistigh de theorainneacha ama a bheadh sonraithe. Má cheaptar nach mbaineann obair ionadaí áirithe dlí an caighdeán cuí amach, cuirfear na hábhair inní in iúl don ionadaí dlí agus, mura réitítear iad, smaoinfar ar é a bhaint den Phainéal.
- 10.2 Coimeádfaidh ionadaithe dlí nóta agus tuairisc cheart de chomhairliúcháin, de threoracha, de chomhairle agus pé rud a tharlaíonn ag éisteachtaí an Bhoird Athbhreithnithe.

11 Cáin

11.1 Tá freagracht ar gach ball den Phainéal tuairisc a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ar gach íocaíocht a fhaigheann sé chun críche cánach ioncaim. Beidh ar gach iarratasóir a n-éiríonn leis ráiteas ón a chuntasóir/comhairleoir cánach a sholáthar á rá go bhfuil a gcúrsaí cánach cothrom le dáta agus in ord nó Deimhniú Imréiteach Cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil. Feidhmíonn an Bord Athbhreithnithe an tseirbhís ghairmiúil iarchoimeáda cánach do tháillí.

12 Rúndacht

12.1. Faoi réir fhorálacha ailt 12.2 thíos, ní nochtfar aon fhaisnéis a sholáthraítear don Bhord, dá fhoireann nó d'aon duine a mbíonn a sheirbhísí ceannaithe ag an mBord d'fhonn seirbhísí dlí a sholáthar d'aon othar, ach amháin le héascú a dhéanamh ar cheartfheidhmiú aon duine nó aon fheidhmeanna faoin Scéim seo nó trí Ordú Cúirte.

12.2. Ní chuirfidh alt 12.1 cosc le faisnéis a nochtadh ar aon chúis le cead an othair.

13 Reachtaíocht eile iomchuí

13.1. Gan dochar don Acht, cloífidh an Scéim le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus reachtanna eile iomchuí.

Sceideal 1

Táillí d'ionadaíocht os comhair an Bhoird Athbhreithnithe (gan CBL)	Táille
Ionadaíocht os comhair an Bhoird Athbhreithnithe don chéad athbhreithniú	€1,385
Ionadaíocht os comhair an Bhoird Athbhreithnithe don dara athbhreithniú agus do na cinn ina dhiaidh sin	€388
Obair Ullmhúcháin do chéad éisteacht an Bhoird Athbhreithnithe	
Sa chás go gcuirtear éisteacht an Bhoird Athbhreithnithe ar ceal roimh an éisteacht, agus nach n-ath-thionóltar é, agus go mbíonn an obair ullmhúcháin go léir déanta ag an ionadaí dlí ar an gcás	€76
Sa chás go gcuirtear éisteacht an Bhoird Athbhreithnithe ar ceal roimh an éisteacht, agus nach n-ath-thionóltar é, agus go mbíonn cuid den an obair ullmhúcháin ach nach mbíonn sé go léir déanta ag an ionadaí dlí, déanfar páirtíocaíocht, nach mbeidh níos mó ná an táille iomlán a bheadh le híoc ar an gcás, a fheidhmeoidh mar seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - Gur tharla comhairliúchán leis an othar - Gur tharla an dara comhairliúchán nó níos mó leis an othar - Gur déanadh athbhreithniú ar na páipéir a bhaineann leis an gcoinneáil - Gur déanadh an taighde riachtanach, chomh maith le hagallamh a chur ar gach fínné cuí 	<p>€22</p> <p>€66</p> <p>€94</p> <p>€94</p>
Sa chás go gcuirtear éisteacht an Bhoird Athbhreithnithe ar ceal ar lá na héisteachta, agus nach n-ath-thionóltar é, agus go mbíonn an obair ullmhúcháin go léir déanta ag an ionadaí dlí ar an gcás	€1,108
Sa chás go gcuirtear éisteacht an Bhoird Athbhreithnithe ar ceal sula ndéanann an t-ionadaí dlí aon obair ullmhúcháin	Ní íocfar tada

AGUISÍN 3

NÓS IMEACHTA AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE UM MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

1. Réamhrá

Ar an 25ú Meán Fómhair, 2006 rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Ordú faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a dtugtar an tAcht air i mo dhiaidh anseo, ag ceapadh an 27ú Meán Fómhair, 2006 mar lá bunaithe an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil). Tá an Bord Athbhreithnithe neamhspleách agus é ag gabháil dá fheidhmeanna faoin Acht agus tá air ceann a thógáil de leas agus de shábháilteacht an duine ar a bhfuil a choinneáil á athbhreithniú agus de leas an phobail. Tá feidhm ag forálacha Sceidil 1 den Acht maidir leis an mBord Athbhreithnithe.

2. Cumhachtaí an Bhoird Athbhreithnithe

2.1. Faoi mar a éilíonn Alt 12 (1) den Acht, tá ar an mBord -

- (a) suíonna a reáchtáil chun críche athbhreithnithe a dhéanamh faoin Acht seo agus ag na suíonna is féidir leis glacadh le haighneachtaí agus le cibé fianaise agus is dóigh leis a bheith cuí,
- (b) ceann a thógáil de thaifead cúirte (más ann dó) ar imeachtaí na cúirte gur lena cinneadh a bhaineann an t-iarratas ar athbhreithniú agus, nuair is ann dó thaifead dá leithéid, go gcuirfeadh an chúirt ar fáil don mBord é,
- (c) ionadaí dlí a shannadh d'othar atá faoi athbhreithniú mura bhfuil sé i gceist aige nó aici ceann a fhostú.

2.2. Tá cumhacht ag an mBord Athbhreithnithe faoi Alt 12 (2) den Acht chun críche a fheidhmeanna -

- (a) treoir i scríbhinn a thabhairt don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othair atá ina dhamhna don athbhreithniú ábhartha, socruithe a dhéanamh go mbeidh an t-othar i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe ar dháta agus ag am agus in áit a sonraítear sa treoir, fad is nach mbíonn ar othar teacht i láthair an Bhoird Athbhreithnithe má bhíonn dochar ina a leithéid de fhreastal, i dtuairim an Bhoird Athbhreithnithe, dá s(h)láinte mheabhrach, dá leas nó dá staid mhothúchánach.
- (b) treoir a thabhairt i scríbhinn d'aon duine a dteastaíonn a f(h)ianaise ón mBord Athbhreithnithe teacht i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe

ar dháta agus ag am agus in áit a sonraítear sa treoir agus ansin fianaise a thabhairt nó soláthar a dhéanamh ar aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a sonraítear sa treoir,

- (c) treoir a thabhairt d'aon duine a bhíonn i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe soláthar a dhéanamh ar aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a shonraítear sa treoir,
- (d) treoir a thabhairt i scríbhinn d'aon duine aon doiciméad nó rud atá ina s(h)eilbh nó ina c(h)umhacht a sonraítear sa treoir a chur chuig an mBord Athbhreithnithe, agus
- (e) aon treoir eile is dóigh leis an mBord Athbhreithnithe a bheith cóir agus réasúnta chun críche na n-imeachtaí atá i gceist a thabhairt.

3. Íocaíocht costais

Íocfaidh an Bord costais na bhfinnéithe a threoraítear faoi alt 12 (2) (b) den Acht le freastal os comhair an Bhoird Athbhreithnithe as airgead a bheidh ar fáil dó. Beidh na costais a bheidh le hóc mar an gcéanna leis na costais a bhíonn le hóc le finnéithe a fhaigheann toghairm freastal os comhair na hArd-Chúirte.

4. Ionadaíocht dlí

Sannfaidh an Bord Athbhreithnithe ionadaí dlí le hionadaíocht a thabhairt d'othar mura mbíonn sé i gceist aige nó aici ceann a fhostú. Feidhmeoidh an Bord Athbhreithnithe an scéim a bhfuil foráil ann do sholáthar cúnaimh dlí de réir Ailt 12 (6) (a) den Acht. Tagrófar don Scéim mar “Scéim um Chúnamh Dlí (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte” agus tagrófar don phainéal ionadaithe dlí a roghnaítear chun a cuid oibre a dhéanamh mar “Painéal Ionadaithe Dlí (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte”. Cuirfear cóip den Scéim agus den Phainéal Ionadaithe Dlí ar fáil don othar is ábhar don athbhreithniú a luaithe agus is féidir é ach nach níos déanaí ná 14 lá roimh an dáta a bheidh socraithe don athbhreithniú.

5. Fógraí do pháirtithe leasmhara agus nósanna imeachta do shuíonna an Bhoird Athbhreithnithe

- 5.1. Cuirfidh an Bord Athbhreithnithe in iúl don siciatraí comhairleach atá freagrach as cúram nó cóireáil othair atá faoi réir an athbhreithnithe agus an t-othar agus a (h)ionadaí dlí maidir le dáta, am agus áit suí ábhartha an Bhoird Athbhreithnithe ar a laghad 14 lár roimh an dáta atá leagtha síos.
- 5.2. Tabharfaidh an Bord Athbhreithnithe cóip don othar is ábhar don athbhreithniú agus dá (h)ionadaí dlí d'aon doiciméad a tugadh don Bhord chomh maith le tásca i scríbhinn ar nádúr agus foinse aon fhaisnéise a bhaineann leis an gceist a bhíonn tagtha chun solais le linn an athbhreithnithe.
- 5.3. (10) Ní bheidh ar othar a bheith i láthair os comhair an Bhoird Athbhreithnithe faoin alt seo más féidir go mbeadh a leithéid de fhreastal dochrach, i dtuairim an

Bhoird Athbhreithnithe, dá s(h)láinte mheabhrach, dá f(h)olláine nó dá staid mhothúchánach.

- 5.4. Beidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus, nuair is cuí, an Aire Cosanta i dteideal a bheith le clos nó ionadaíocht a bheith acu ag gach suí de chuid an Bhoird Athbhreithnithe. Chuige seo, eiseofar fógra ar dháta, am agus áit suí iomchuí an Bhoird Athbhreithnithe ar a laghad 14 lá roimh an dáta atá leagtha síos don Athbhreithniú.
- 5.5. Beidh ráitis scríofa inghlactha i bhfianaise ag an mBord Athbhreithnithe le cead an othair is ábhar don athbhreithniú nó le cead a (h)ionadaí dlí.
- 5.6. Má bhíonn sé i gceist ag an othar is ábhar don athbhreithniú nó a (h)ionadaithe dlí fianaise a thabhairt ó liachleachtóir ag éisteacht, cuirfear tuarascáil i scríbhinn ar fáil ón liachleachtóir sin don mBord Athbhreithnithe ar a laghad 5 lá oibre roimh dháta na héisteachta.
- 5.7. Glacfar le haon síniú a bhíonn ar dhoiciméad a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Athbhreithnithe, in éagmais fianaise dá mhalairt, mar shíniú an duine a airbheartaítear gur leis/léi an síniú.
- 5.8. Déanfaidh an Bord Athbhreithnithe cinneadh i ngach cás pé an dtabharfar fianaise, a ghlaonn an Bord Athbhreithnithe nó an t-othar is ábhar don athbhreithniú, faoi bhrí na mionn nó faoi dhearbhu nó eile. Má dhéantar cinneadh go dtabharfar fianaise faoi bhrí na mionn nó faoi dhearbhu, is é an Cathaoirleach a chuirfidh daoine faoi bhrí na mionn nó faoi dhearbhu ar bhealach a thagann le cleachtas na gcúirteanna.
- 5.9. Is féidir go gceisteofar finnéithe a ghlaonn an Bord Athbhreithnithe os a chomhair ag nó thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe agus go ndéanfar croscheistiú ag nó thar ceann an othair is ábhar don athbhreithniú.
- 5.10. Is féidir finnéithe os comhair an Bhoird Athbhreithnithe a ghlaonn an t-othar is ábhar don athbhreithniú a cheistiú ag nó thar ceann an othair agus a chroscheistiú ag nó thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe.
- 5.11. Déanfaidh an Bord Athbhreithnithe deimhin de go gcoimeádfar leorthaifead cuí ar gach ceann de na himeachtaí a thagann os a chomhair. Ina theannta sin, is féidir leis an mBord Athbhreithnithe, agus déanfaidh sé má iarrann an t-othar is ábhar don athbhreithniú nó a (h)ionadaithe dlíthiúla i scríbhinn é ar a laghad 5 lá oibre roimh an éisteacht, socrú a dhéanamh go ndéanfar taifead iomlán de na himeachtaí go léir i bhfoirm a shocróidh an Bord Athbhreithnithe agus go gcuirfear trasscríbhinn dá leithéid d'imeachtaí ar fáil don othar nó a (h)ionadaithe dlí ach é a lorg.
- 5.12. Tionólfar suíonna an Bhoird Athbhreithnithe chun críche a fhiosraithe faoin Acht seo go príobháideach.
- 5.13. Tabharfar cinntí an Bhoird Athbhreithnithe agus na cúiseanna a bhíonn leo, nuair is féidir é go réasúnta, ar lá na héisteachta athbhreithnithe nó, murar féidir

é, laistigh de 14 lá oibre. Cuirfear a leithéid de chinntí in iúl don othar is ábhar don athbhreithniú, dá (h)ionadaí dlí, do Stiúrthóir an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, do Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi mar is cuí.

- 5.14. Má thagann éigeandáil i gceist le linn éisteachta athbhreithnithe, mar othar ag éirí breoite nó faoi anbhúain mothúchánach, déanfaidh an Bord Athbhreithnithe deimhin de go nglactar na céimeanna cearta chun déileáil lena leithéid de chás.

6. Tarmligean feidhmeanna riaracháin

Is féidir leis an mBord Athbhreithnithe pé feidhmeanna riaracháin a cheapann sé a bheith cuí a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

AGUISÍN 4

STAITISTICÍ

LÍON IOMLÁN NA N-ÉISTEACHTAÍ 2006/07 (AG ÁIREAMH DARA ÉISTEACHTAÍ AGUS CINN INA DHIAIDH SIN)	
Mí	Éisteachtaí
Nollaig 2006	1
Eanáir 2007	30
Feabhra 2007	5
Márta 2007	3
Aibreán 2007	16
Bealtaine 2007	18
Meitheamh 2007	20
Lúnasa 2007	7
Meán Fómhair 2007	0
Deireadh Fómhair 2007	9
Samhain 2007	14
Nollaig 2007	11
Iomlán	134